Óráid Rúnaí Pairliminteʼna Gaeltaċta

(Ar lean. ó leath. 4)

mbainfiḋ siad lán-ḟeiḋm as ar maiṫe le muintir na Gaeltaċta. Is léir go gcabróḋ na háiseanna sin go mór linn in ár n-iarraċtaí ċun an ċuartaíoċt agus an tionsclaíoċt a ḟorbairt sa Gaeltaċt.

Dualgas nua

Ċom maiṫ le leas na Gaeltaċta a ċur ċun cinn, tá de ḋualgas ar Roinn na Gaeltaċta caḃrú le caomaint agus leaṫnú na Gaeilge mar ġnáṫ-urlaḃra. Ċuige sin tá seirḃísí áiriṫe aistriṫe ón Roinn Oideaċais agus á riaraḋ ag Roinn na Gaeltaċta i mbliana don ċéad uair; orṫu siúd tá deontais do ṫréimseaċáin a ḟoilsítear i nGaeilge agus do nuaċtáin a ḟoilsíonn nuaċt reaṫa i nGaeilge, deontais ċun caḃrú le gearr-scannáin Ġaeilge a ṡoláṫar agus deontais-i-gcaḃair d'eagrais áiriṫe Gaeilge. Ní gá luí ar ṫáḃaċt na hoibre atá ar siúl ag na heagraíoċtaí deonaċa Gaeilge. Tá gá, áfaċ, le comordú le dianasú agus le fairsingiú ar a gcuid iarraċtaí, agus ní mór leas éifeaċtúil a ḃaint as moḋanna nua-aimseartha i gcúrsaí caidrimh poiblí, ċun go gcoṫófar suim sa teanga, agus eolas uirṫi, i measc an ṗobail i gcoitinne agus go háiriṫe san aos óg. Is é mian an Rialtais é go mbeaḋ teaċt go díreaċ ag gaċ ceann de na heagraíoċtaí seo ar Roinn na Gaeltaċta d'ḟonn feiḋmiú an ḃeartais a léirítear sa Ṗáipéar Ḃán a éascú. Ní miste a rá go ḃfuil fáilte rompu sa Roinn agus tá súil agam go mbeimíd go léir ag obair i gcomhar lena ċéile ċun an aiḋm náisiúnta a ṫaḃairt i gcríċ.

Aċaine

Ós é seo an ċéad ócáid dom ag laḃairt anseo mar Rúnaí Pairliminte, ba ṁaiṫ liom an deis a ġlacaḋ ċun a iarraiḋ ar na dreamanna uile ar mór acu leas an náisiúin, agus nárḃ ionann dearcaḋ dóiḃ roiṁe seo faoi ṁionġnéiṫe den obair, teaċt le ċéile i sprid nua-aimseartha an aontais agus an dóċais, na mion-ṗointí easaontais a ḟágáil ina ndiaiḋ agus gan droċ-ṁeas a ċaiṫeaṁ feasta ar ḋea-intinn ná ar ḋúṫraċt na ndaoine atá ag obair ar ḃealaiġ eile d'ḟonn an cuspóir céanna a ḃaint amaċ. Má ḋéantar é sin is deiṁin liom go n-éireoiḋ linn an dul ċun cinn a ḋéanaṁ. Ó mo ṫaoḃsa de, beiḋ mé lán-toilteanaċ i gcónaí aon togra fiúntaċ a ċuirfear os mo ċoṁair a ṗlé le heagras nó duine ar biṫ.

Tá obair ṁór roṁainn agus, d'ḟonn go gcuirfear cion na bliana seo ċun cinn, iarraim ar an Dáil glacaḋ leis an meastaċán seo. Má ḃíonn tuilleaḋ eolais ag teastáil ó Ṫeaċtaí faoi obair na Roinne, déanfaiḋ mé mo ḋíċeall é a ċur ar fáil dóiḃ; agus más mian le Teaċtaí rud ar biṫ a ṁolaḋ ċun bárr feaḃais a ċur ar an obair sin, beiḋ áṫas orm é a ċloisteáil.

Léiġ Amáraċ

Ma's maith leat an Ghaeilge beo a labhartar i Ros Goill agus Ros Muc, i dTeilionn agus in Uibh Rathach, i gCloicheannaola agus i gCorca Duibhne, i Ros Dumhach agus sa Rinn, i nGaoth Dobhair agus i gCeathrú Rua, léifidh tú AMĀRACH.

Ma's maith leat a bheith ar an eolas fá'n Ghaeltacht agus saol na Gaeltachta agus an rud atá á rá sa Ghaeltacht léifidh tú AMĀRACH.

Ní chosnann cóip gach seachtain saor tríd an phost ach 30/-.

Líon an fhoirm thíos agus postáil inniu é le 30/-.

Ainm ... ...

Seoladh ... ...

Síntiús ... ... istigh do cóip de AMĀRACH

ó ... ... go ... ...

TÍR NA nÓG

Coláiste Cróna

Ára Ṁór,

Tírċonaill.

Nuair a ṫiocfas an Samraḋ 's teas insan spéir
Fág slán ag na leaḃair a's ag saoṫrú an léinn,
Bí linn ins na báid ċuig Uí Ḃreasail na nGael
A's i nÁrainn an Aoiḃnis ġeoḃair spórt agus scléip.

Cursai

30/6/65 —— 24/7/65
27/7/65 —— 20/8/65

Clár agus gach eolas ó'n Rúnaí, Coláiste Cróna, Ára Mór

no AMARACH, Ceanannus Mor.

Cuir d'áit in áirithe gan mhoill.

AN ROINN OIDEACHAIS—BRAINSE AN GHAIRMOIDEACHAIS
CÚRSA SAMHRAIDH DON TEAGASC Í DTEAGASC NA GAEILGE, 1965

Tabhair faoi ndeara go bhfuil an teideal **"Teastas Timire Gaeilge"** á athrú í mbliana agus feasta go **"Teastas í dTeagasc na Gaeilge."** Níl aon athrú bunúsach á dhéanamh ar an gcúrsa féin ná ar na trialacha a leanfaidh é.

Tionólfar an Cúrsa ó 29 Meitheamh go 23 Iúil, 1965, chun caoi a thabhairt do Chéimithe Ollscoile agus micléinn áirithe Ollscoile cáilíochtaí mar mhúinteoirí Gaeilge agus Ábhair Léanúna faoi Choistí Gairmoideachais a bhaint amach.

Tá Foirmeacha Iarratais agus eolas í dtaobh an Chúrsa le fáil ón Rúnaí, An Roinn Oideachais, Brainse an Ghairmoideachais, Teach Talbóid, Baile Átha Cliath, 1.

Is é 19 Bealtaine, 1965, an dáta is déanaí chun glacadh le Foirmeacha Iarratais comhlánaithe in Oifig na Roinne.

T. Ó RAIFEARTAIGH,
Rúnaí.

Coiste Gaeltaċta

An tseaċtain seo caite, ḃí slua maiṫ Gaeilgeoirí i láṫair ag Óstán Glinn, Gort, le craoḃ de Ṁuintir na Gaeltaċta a ḃunú. Toġaḋ na hOifigiġ seo leanas: Caṫaoirleaċ: Pádraic Ó Faṫaiġ, O.S., Rúnaí, A. Nic Ṁaṫúna, O.S., Gort; Cisteoir. M. Ó Beirn, O.S.; Coiste: T. Ó Doḃarlán, O.S., Cinn Ṁara, Bean Craiféard, O.S., Loċ Cúlra; Iníon de Búrca, O.S., Loċ Cúlra, S. Ó Maoileoin, O.S., Árd Raṫain, M. Ó Dubláin O.S., Árd Raṫáin, T. Ó Beirn, O.S., Cinn Ṁara, agus M. Breaṫnaċ, Múinteoir Gairm-Scoil, Gort. Tá an coiste ag oibriú scéim ċun páistí a ċur go dtí an Ġaeltaċt, go dtí Coláiste aiṫnid insan Ġaeltaċt, le linn an tsaṁraiḋ, agus íocfaiḋ siad deontas de £5 mar caḃair costaisí do iarratóirí feiliúnaċa. Beiḋ saoire maiṫ ag na páistí, faoi smaċt ceart, ḟaid agus a ḃéas siad ag laḃairt Gaeilge ag an Ċoláiste, agus leis na cainteoirí dúċais sa baile.

ATH-THOGHADH

CORMAC O BREISLEAIN
Leas-Cheann Comhairle

PADRAIG O DOMHNAILL

CLÁR RADIO

Dé hAoine—5.1, Children Singing. 5.30, The Good Man. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na hAoine. 6.20, Announcements. 6.25, Focal on Dochtuir. 6.45, Sports Stadium. 7.30, Terry Awhile. 8.1, Irish Dance Music. 8.15, Melody From Munster. 8.45, Annual General Synod of the Church of Ireland. 9.1, Symphony Concert. 10.30, Around the Town.

Dé Sathairn—3.01, Call Gay. 4.0, Racing: Irish 2,000 Guineas. 4.15, Afternoon in Germany. 5.05, Racing: Irish 1,000 Guineas. 5.20, Junior Sports Magazine. 5.55, Caint an tSathairn. 6.20, Announcements. 6.45, Who's News? 7.15, The Dublin Feis Ceoil. 7.45, Suil Siar. 8.1, Dear Sir or Madam. 8.30, Not So Green. 9.1, The R-E-L-O Show. 9.45, Dick Haymes Sings. 10.30, Ceili House. 11.0, Light Music, London Style.

Dé Domhnaigh—10.25, Weather Forecast. 10.30, High Mass. 11.30, Service of Morning Prayer. 12.30, Captains of Industry. 1.0, Not So Green. 1.35, Provincial News Round-up. 2.0, Meet the Clans. 2.45, An Coiciosan. 3.15, Ceolta Tire. 3.25, G.A.A. National Football League Home Final: Galway v. Kerry. 4.50, Ceol Do Phaisti. 5.30, Down the Country. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht Anall, Nuacht Abhfus. 6.25, Appeal. 6.40, Sports Time. 7.10, An Sagart Linn. 7.15, Anything Goes. 8.0, The Two Travellers. 9.10, Concert from the South. 9.30, Public and Private Faces. 10.0, Newspoint. 10.35, Music of the Nation. 11.05, Recital.

Dé Luan — 5.01, Out of Doors. 5.15, Around the World on Records. 5.30, The Good Man. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an Luain. 6.20, Announcements. 6.45, Ireland's Top Ten. 7.15, Requests from the Irish Troops Overseas. 7.30, What Are They Talking About? 8.1, I Never Knew He Wrote That. 8.30, Thrillers and Chillers. 8.45, The Poets As Critics. 9.1, Aeriris. 9.30, Field and Farmhouse. 10.30, Late, But Light. 10.45, City Newsreel.

Dé Mairt—5.01, Wizard Winkle's Dreaming Pills. 5.15, Songs With Guitar. 5.30, Ar Fud na Tire. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Mairte. 6.20, Announcements. Report on Attested Store Cattle Sales. 6.45, A Job of Journeywork. 7.15, This Is Your Business. 7.45, The Radio Eireann Singers. 8.1, Riverside Serenade. 8.30, An Fear As Buenos Aires. 9.1, Symphony Concert. 10.30, Today in the Dail. 10.45, Requests from Overseas.

Dé Ceadaoin—5.1, Zibble and Austrian Leopoldine Missionaries Archbald. 5.15, Records For Children. 5.30, Junior Journel. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Ceadaoine. 6.20, Announcements. Cattle Market Report. 6.45, Town Hall Tonight. 7.30, Favourite Records of Famous People. 8.1, Gardening Magazine. 8.30, Farmers' Forum. 9.1, The Dublin Chamber Orchestra. 9.45, Guth Aduaidh. 10.30, Today in the Dail. 10.45, Came the Dawn. 11.0, Pop Call.

Deardaoin—5.01, Ceili na nOg. 5.30, Three Irish Poets. 5.55, Weather. 6.1, Nuacht agus Caint na Deardaoin. 6.20, Announcements. 6.25, Here's the Doctor. 6.45, What Are They Talking About? 7.15, Annso Is Annsud Sa Mhumhain. 7.30, Eyes Down. 8.1, The Swing Years. 8.30, Between Ourselves. 9.1, Journey to Assisi. 9.15, Masters and Moderns. 9.45, Na hUdair Fein Ag Caint. 10.30, Today in the Dail. 10.45, Recital.

Gleannḃarr

Ḃí'n t-áḋ ar an taoiḃ seo de ṗaróiste Cill Ui Ġarḃáin arís nuair a ḃain M. 'Níon Ní Gallċoḃair, Droim Salaċ, leaṫ ceann de na duaiseanna móra, £123, ar oíċe Dé hAoine as ċuaiġ tart ag an Ḃingo i mBaile na nGallóglaċ. Ḃí £62-10s. le fáil ag 'Níon Ní Ġallċoḃair. Tá'n maiṫ agus an t-olc san Ḃingo. Éiríonn le cor ḋuine cinnte aċ os coinne an duine aṁáin a ḃaineas cailleann na céadtaí. Aċ tá rud maiṫ aṁáin le feiceáil. Níl an t-aos óg leaṫ coṁ buailte ad na daṁsaí fiofara nua-aimseartha seo agus ba ġnáṫ leo a ḃeiṫ sul ar ṫoisiġ an Ḃingo agus is mór an scéal sin féin.

Cad is cúis leis an ṁoill i ḃfosgailt na stáisiúin ḃreisbolcaire ar Ċnoc Ṁóráin i ḃFanaid agus i Leitir Ceanainn? Na daoine seo, agus sin cuid ṁór, atá ag díol bliain indiaiḋ na bliana eile le cead a fágáilt ċun teilifísiṅ a ċoinneáilt agus na ḃfuil ag fágailt focail no gaoṫ an focail, pictiúr nó lorg an ṗictiúr, ḃfuil iontas go ḃfuil siad ag éirí mí-ḟóiġdeaċ mí-ṡásta mar ġeall ar an neamart atáṫar dá ḋéanaṁ?

Siocair gur ṫuit an margaḋ eallaiġ i Leitir Ceanainn ar an 6 ú lá, sin lá aonaiġ na Ceaṫrúna Caola, d'ḟág sé an t-aonaċ ar an Ċeaṫrúin Ċaoil beag. D'ḟan cuid ṁór de na ceannaí ar an ṁargaḋ i Leitir Ceanainn agus mar ġeall ar sin ní raiḃ an t-éileaṁ ar ainṁiṫe de cineál ar biṫ ar an Ċeaṫrúin Ċaoil leaṫ coṁ brioscs mar is gnáṫ. Na luaċa; ba ionlaoiġe, £55-£70; pigíní maiṫe laidre £4-£4-10s.; pigíní sé seaċtaine ó £3 go £3-10s.

Fuar fliuċ agus mar tá an aimsir níl sé ag cuir baic le turasóirí ar an taoiḃ seo de'n contae ar ċor ar biṫ. Tart fán Ċáisc ḃí an tiġṫe aíoċta i Raṫ Ṁaoláin coṁ lán sin ná raiḃ áite go leor don ṁéid a ḃí ag iarraiḋ fanaċt. Anois táṫar ag tógáil sealaiṫe ar na faiċí os coinne cuid de na tiġṫe ósta le áit a ċuir ar fáil don drong turasóirí atáṫar ag dréim leis ar an tsaṁraḋ seo ċugainn.

Muintir na Gaeltachta a d'fhoillsigh. "Democrat", Tír Chonaill, Clóbhualadh.